

Ciste Gníomhaíochtaí Pobail

Faoin

gClár um Fheabhsú Pobail



An Roinn Forbartha
Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and
Community Development

Ár dTodhchaí
Tuaithe
Our Rural
Future



Coiste Forbartha Pobail
Áitiúil Chiarraí
Kerry Local Community
Development Committee

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

- Leis an gCiste Gníomhaíochtaí Pobail tabharfar tacaíocht do ghrúpaí, go mór mór in áiteanna faoi mhíbhuntáiste, lena gcostais reatha/oibríochta neamhphá, tabharfar tacaíocht dóibh chomh maith chun obair dheisiúcháin agus feabhsúcháin riachtanach a dhéanamh ar a gcuid saoráidí agus chun trealamh a cheannach. Ní chuireann an scéim maoiniú ar fáil chun foireann a íoc ná a fhostú.
- Ní mór go rachaidh an ghníomhaíocht nó an tionscadal chun leasa don phobal áitiúil agus go mbeidh baint acu leis na príomhcheantair atá aitheanta san LECP.
- Ní mór go mbeidh an t-eolas a chuireann grúpa/eagraíocht an iarratasóra ar fáil cruinn agus iomlán.
- D'fhéadfadh dícháiliú a bheith i gceist agus/nó an deontas a bheith le haisíoc mar thoradh ar eolas mícheart a chur ar fáil.
- Coimeádfar an t-eolas go léir a chuirtear ar fáil maidir leis an iarratas ar dheontas go leictreonach. Tá an ceart ar cosaint ag an Roinn liosta de na deontais go léir a thugtar amach a fhoilsiú ar a láithreán gréasáin.
- Tá feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise maidir le gach taifead atá á gcoimeád ag an Roinn agus ag Údarás Áitiúla.
- Ní mór go mbeidh an t-iarratas sínithe ag Cathaoirleach, Rúnaí nó ag Cisteoir na heagraíochta atá ag déanamh an iarratais.
- Tá sé de fhreagracht ar gach eagraíocht a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta agus beartais chearta i bhfeidhm, lena n-áirítear, árachas cuí, nuair is cuí.
- Ní mór fianaise maidir le caiteachas, fáltais/sonraisc a choimeád agus iad a chur ar fáil don LCDC nó dá ionadaithe, má éilítear a leithéid.
- Tá sé á mhaíomh ag an Roinn gur costais oibríochta/reatha a bhaineann leis an tréimhse seo amháin - an **1 Iúil 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2022** - atá incháilithe.
- Ní mór airgead deontais a chaitheamh agus a tharraingt anuas ón LCDC faoi dheireadh na bliana 2022. D'fhéadfadh fianaise ghrianghrafadóireachta a bheith riachtanach le tarraingt anuas deontais a éascú.
- Ní mór aitheantas poiblí a thabhairt do ranníocaíocht na Roinne i ngach ábhar a bhaineann le cuspóir an deontais.
- Ní dhéantar, go ginearálta, aon iarratais tríú páirtí nó idirghabhála a bhreithniú.
- Ní bhreithneofar iarratais a bheidh deireanach.
- Ba chóir d'iarratais sa phost an luach ceart de stampaí a úsáid agus am leordhóthanach a cheadú le seachadadh a chinntiú tráth nach déanaí ná **Luan 28ú Feabhra, 2022**. Ní bhreithneofar aon éileamh maidir le haon iarratas a rachaidh amú nó a mbeidh moill air sa phost mura mbeidh Deimhniú Postais ó Oifig Poist ag iarratasóirí a thacóidh le maíomh den chineál sin.
- Sa chás go sárófaí téarmaí agus coinníollacha na scéime deontais, is féidir smachtbhannaí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear cosc a chur ar iarratais a dhéanamh ar dheontais amach anseo.
- Cinntigh, le do thoil, go gcomhlánaítear an fhoirm iarratais go hiomlán. Ní bhreithneofar iarratais ar mhaoiniú nach mbeidh comhlánaithe go hiomlán.
- D'fhéadfadh go gcaithfeadh Comhairle Contae Chiarraí sonraí pearsanta a bhailiú uait ar mhaithe le d'iarratas a phróiseáil. Déanfar faisnéis den sórt sin a phróiseáil ar aon dul le ráiteas príobháideachais an Údarás Áitiúil, atá le fáil ar www.kerrycoco.ie